

Cuir aithne ar

# An tSnaidhm




*Ar Maidin*

*Iarnóin*

*Anach sa Tráthnóna*

## Cultúr

### Sráidbhaile na Snadhma

Tá an baile roinnte ina dhá leath, thuaidh agus theas, ag Abhainn na Snadhma. Tóg am chun siúil timpeall an tsráidbhaile stairiúil seo nó téir ar shiúlóid le treoraí áitiúil. Bí cinnte stopadh agus sult a ghlacadh as na tionscadail éagsúla ealaíne agus bithéagsúlachta ar do shlí.

### Dealbha agus Reibiliúnigh

Tá idir uachtaráin, laocha spóirt agus panda ina gcuid de Shlí Dhealbhadóireachta na Snadhma. Tá Gobnait Ní Bhruadair, a chuir i gcoinne a tógáil san uasaicme Gallda, a d'fhoghlaim Gaeilge is a bhí ina poblachtánach díograiseach, curtha sa reilig in aice an droichid.

### Bia agus Deoch

Tá rogha maith pubanna agus caiféanna cluthara sa tSnaidhm. D'fhéadfadh seans a bheith leat agus go dtiocfaidh tú ar dhreas ceoil nó comhrá cois tine tar éis do lá amuigh.

## Dúlra

### Abhainn

Ní áilleacht amháin atá ag baint le habhainn na Snadhma. Tá sí ina gnáthóg ag réimse leathan dúlra, madraí uisce san áireamh. I rith an lae, bí ag faire amach d'éin ar nós an Gabha Dubh agus an Glasóg Liath. Le titim na hoíche, coimeád súil amach d'ialtóga a bhíonn ag fiach feithidí os cionn na bhfál agus dromchla a uisce.

### Plandaí

Inseoidh muintir na háite leat faoi mhicrea-aeráid an cheantair seo is cúis leis an aimsir a bheith bog ann. Bí ag faire amach do phlandaí neamhghnácha leithéid feilistrín gorm, agus bain sult as timpeallacht mhéith an bhaile, mar a mbíonn crainn dhúchasacha ar nós beith, coll agus sail ag athrú datha leis an séasúr.

### Bithéagsúlacht

Bíonn tionscadail éagsúla á reachtáil ag pobal na Snadhma chun cur le bithéagsúlacht na háite. A mbuíochas siúd bíonn an sráidbhaile ag crónán!

## Teaghlach

### Páirceanna agus Ionaid Spraoi

Tá ionad álainn spraoi do leanaí sa tSnaidhm, anuas ar go leor spáis ghlais don teaghlach ar fad. Tá siúlóid shíochánta cois abhann, cosáin oiriúnach do theaghlaigh, agus gairdíní pobail. Tá an tSnaidhm bródúil as a bheith ina baile ionchuimsitheach atá oiriúnach do dhaoine le huathachas agus riachtanais eile.

### Siopadóireacht

Tá ceardaíocht shuimiúil, bronntanais, leabhair agus go leor seoda eile le fáil ó na siopaí beaga sa tSnaidhm

### Múrphictiúir

Tá an tSnaidhm breac le healaín ildaite gur fiú don teaghlach ar fad dul dá chuartú. Coimeád súil amach do bheacha ollmhóra, fianna rua, agus roinnt rianta coise an-speisialta!

## Gníomhach

### Siúil

Tá cosáin lúbacha atámarcáilte go maith ón sráidbhaile trí thírdhreacha éagsúla i dtreo shléibhte Dhún Chiaráin. Siúil trí choillte, talamh feirme, sléibhte agus roinnt gnéithe iontacha geolaíochta. Chun dul níos faide, tá treoraithe siúl ar fáil a thabharfaidh tú níos sia isteach sna cnoic. Is láthair scíthe é an tSnaidhm, chomh maith, idir dhá sciar de Shlí Chiarraí.

### Galf

Ní fada an tSnaidhm ó roinnt cúrsaí maithe gailf. Dóibh siúd nach n-aithníonn amasán thar ding, tá cúrsa gailf mhearaí chomh maith!

### Spóirt Uisce

Chun dul beagáinín níos faide, d'fhéadfá, cadhc a fháil ar cíos, turas iascaigh a chur in áirithe, nó dul ag snámh i gceann de na cuasa agus cuain fhothanúla.

## Tirdhreach

### Cósta

Is ionad iontach é an tSnaidhm leis an gceantar a fhiosrú uaidh.Tá go leor imeachtaí uisce, céanna, tránna agus cuasa gur féidir cuairt a thabhairt orthu ar chósta theas Uíbh Ráthaigh Dfhéadfá fiú turas báid a thógaint ar an Ribhéar nó trasna go hIarthar Chorcaí. Bain sult as!

### Droichead

Tá an droichead a cheanglaíonn cearnóga thuaidh agus theas an bhaile lena chéile ar cheann de na háiteanna is áille sa cheantar. Bíonn uisce ag scairdeadh thar charraigeacha géara fad is a frithchaitheann linnte dearg agus bándearg um éirí agus titim na gréine.

### Na Séasúir

Bíonn na sléibhte mórthimpeall na Snadhma spéisiúil ag am ar bith bliana. Fanann go leor de na gnónna áitiúla oscailte ó cheann ceann na bliana agus is minic go mbíonn imeachtaí nó féilte ar siúl. An tslí is fearr chun fáil amach fúthu ná sa nuachtbhileog áitiúil.

Cuir Aithne ar

**Uíbh Ráthach**

www.discoveriveragh.ie